Ag tógáil clainne le Gaeilge

Leibhéal B2

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theaghlaigh a bhfuil a bpáistí á dtógáil acu trí mheán na Gaeilge. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Cén mháthairtheanga atá agat?

2. An labhraíonn tú Gaeilge le mórán daoine? Cé hiad?

3. Cad iad na teangacha atá agat?

4. Féach ar an bhfíseán seo. Cad iad na pointí is tábhachtaí a dhéanann na teaghlaigh san fhíseán?

Is féidir an físeán a scanadh anseo.

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) *organisation*	
b) *aim, objective*	
c) *reflection*	
d) *campaign*	
e) *video series*	
f) *generation*	
g) *lively*	
h) *thinking about*	
i) *source of inspiration*	
j) *native speakers*	

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén Ghaeilge atá ar *motivate/encourage* agus *broadcast*?

4. Tá cúpla brí ag an bhfocal ‘glúin’. Cad iad? Téigh go dtí www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte.

5. Cén difríocht atá idir ‘clann’ agus ‘teaghlach’?

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cad a dhéanann an eagraíocht *Tuismitheoirí na Gaeltachta*, dar leat?
2. Cad atá i gceist leis an bhfeachtas a sheol an eagraíocht sin?
3. Conas a dhéanfá cur síos ar na físeáin sa tsraith?
4. Cén sprioc atá ag an bhfeachtas seo?
5. Cad a deir Sorcha Ní Chéilleachair faoi na daoine a ghlac páirt sna físeáin?
6. Cad a bhí le rá ag Lucia Atencia? (An mháthair a fheicimid amuigh ag siúl lena hiníonacha)
7. Conas a dhéanfaidh *Tuismitheoirí na Gaeltachta* poiblíocht ar an bhfeachtas?

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (iolra + séimhiú ar an aidiacht)

a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘sóisialta’ sa sampla seo ón mír?

na meáin s**h**óisialta

b) Cuir an fhoirm cheart de an haidiachtaí sa cholún ar dheis:

gluaisteáin (mór)	
báid (deas)	
fir (gnóthach)	
físeáin (suimiúil)	
leabhair (deacair)	
anlainn (blasta)	

*Tá tuilleadh eolais le fáil ar ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol sa mhioncheacht!

2: Na canúintí (Canúint na Mumhan)

Tá canúint na Mumhan ag na cainteoirí ar fad sa mhír. Éist leis an mír uair amháin eile agus breac síos na pointí teanga a bhaineann leis an gcanúint sin.

1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	
7.	
8.	
9.	

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bíonn páistí a thógtar le Gaeilge in Éirínn dátheangach, de ghnáth, toisc an Béarla a bheith chomh láidir sin sa tír. Is iomaí buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas (*bilingualism*) agus leis an ilteangachas (*multilingualism*). Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigí na ceisteanna thíos.

a) Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas/ilteangachas, dar libh? Scríobhaigí amach liosta le chéile.

b) An mbaineann aon mhíbhuntáiste leis an dátheangachas/ilteangachas, dar libh?

c) Cad iad na dúshláin a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge, dar libh?

2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú ag obair don eagraíocht *Tuismitheoirí na Gaeltachta*. Iarradh ort píosa a scríobh don suíomh idirlín a spreagfadh daoine chun a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Scríobh idir deich agus cúig líne dhéag anois ar na buntáistí a bhaineann le clann a thógáil trí mheán na Gaeilge.

Tá go leor buntáistí ag baint le clann a thógáil le Gaeilge …

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt
Deir an eagraíocht *Tuismitheoirí na Gaeltachta* i gConamara go bhfuil sé mar sprioc acu tuismitheoirí go bhfuil leanaí óga acu a chur i mbun machnaimh maidir lena gclann a thógaint[1] trí mheán na Gaolainne[2]. Sheol *Tuismitheoirí na Gaeltachta* feachtas nua inniu, sraith físeán ar ghlac teaghlaigh ó cheantair Ghaeltachta na tíre páirt ann.

Donncha Ó Murchú
Tá glúin óg na Gaeltachta á ngríosú chun cainte ag an eagraíocht, *Tuismitheoirí na Gaeltachta*, a chuir tús spleodrach le feachtas nua inniu, dírithe ar theaghlaigh a bhfuil a gcuid páistí á dtógaint trí mheán na Gaeilge acu. Aon teaghlach déag ó cheantair Ghaeltachta na tíre a ghlac páirt san fheachtas agus a bheidh le feiscint[3] sa tsraith físeán úrnua a seoladh inniu.

Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta
Is é an sprioc atá againn, is dócha, leis an bhfeachtas seo ná daoine – tá sé ana-shimplí[4] – daoine a chur i mbun machnaimh. Agus, b'fhéidir, daoine nach bhfuil aon pháistí fós acu, daoine óga agus daoine, b'fhéidir, a bheadh ag cuimhneamh ar chlann a bheith acu chomh maith. Agus go gcífidís[5] é seo agus b'fhéidir go rachaidís i mbun machnaimh.

Donncha Ó Murchú
Tá *Tuismitheoirí na Gaeltachta* ag súil go mbeidh an togra seo ina fhoinse inspioráide ag teaghlaigh eile ar fud na tíre atá ag cuimhneamh ar a gclann a thógaint trí mheán na Gaeilge.

Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta
Dheineamar[6] iarracht daoine le cúlraí teanga éagsúla a bheith againn sna físeáin seo agus tá an dá thaobh againn. Is dócha, tá gach aon rud ó an bheirt tuismitheoirí ina gcainteoirí dúchais go dtí beirt nach ón dtír[7] seo in aon chor iad agus nach í an Ghaolainn ná an Béarla fiú amháin a dteangacha dúchais. Agus gach aon rud idir eatarthu – daoine a d'fhoghlaim, máithreacha a d'fhoghlaim an teanga, aithreacha a d'fhoghlaim an teanga, daoine atá ag foghlaim fós…

Lucia Atencia
'An rud is deise, i mo thuairim, faoi leanaí a thógaint anseo sa Ghaeltacht ná go bhfuil na leanaí tógtha ag an bpobal.'

Donncha Ó Murchú
As seo amach beidh fógraí teilifíse agus raidió á gcraoladh mar chuid den bhfeachtas ag *Tuismitheoirí na Gaeltachta* agus beidh teacht ar an tsraith físeán, leis na teaghlaigh éagsúla, ar na meáin shóisialta.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

[1] tógáint = leagan canúnach de 'tógáil'
[2] Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'
[3] feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'
[4] an-simplí a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] go gcífidís = leagan canúnach de 'go bhfeicfidís'
[6] dheineamar = leagan canúnach de 'rinneamar'
[7] Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí ar fad sa mhír; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

organisation	eagraíocht
aim, objective	sprioc
reflection	machnamh
campaign	feachtas
video series	sraith físeán
generation	glúin
lively	spleodrach
thinking about	ag cuimhneamh ar
source of inspiration	foinse inspioráide
native speakers	cainteoirí dúchais

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Gríosaigh – *motivate, encourage*; craol – *broadcast*.
4. Is iad na cinn is coitianta ná *knee* agus *generation*.
5. Ciallaíonn 'clann' páistí agus tá ciall níos leithne ag 'teaghlach' – deirfiúracha, deartháireacha srl.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (iolra + séimhiú ar an aidiacht)

a) Is gnách séimhiú a chur ar aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol san iolra: na meáin s**h**óisialta.

b) Cuir an fhoirm cheart de an haidiachtaí sna bearnaí thíos:

gluaisteáin (mór)	mhóra
báid (deas)	dheasa
fir (gnóthach)	ghnóthacha
físeáin (suimiúil)	shuimiúla
leabhair (deacair)	dheacra
anlainn (blasta)	bhlasta

2: Na canúintí (Canúint na Mumhan)

Féach:

1.	‘go bhfuil’: Úsáidtear ‘go’ in áit ‘a’ nuair a bhíonn an clásal coibhneasta indíreach i gceist.
2.	‘tógaint’: Leagan canúnach de ‘tógáil’.
3.	‘Gaolainn’: Leagan canúnach de ‘Gaeilge’.
4.	‘feiscint’: Leagan canúnach de ‘feiceáil’.
5.	‘ana-shimplí’: Leagan canúnach de ‘an-simplí’.
6.	‘go gcífidís’: Leagan canúnach de ‘go bhfeicfidís’.
7.	‘dheineamar: Leagan canúnach de ‘rinneamar’.
8.	‘ón dtír’: Cuirtear urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’ sa tuiseal tabharthach.
9.	‘den bhfeachtas’: Cuirtear urú seachas séimhiú tar éis ‘den’ agus ‘don’.

E. Cumarsáid

1: Caint

Tuairimíocht atá i gceist leis an gcaint seo den chuid is mó. Seo thíos cuid de na tréithe a bhaineann le leanaí dátheangacha/ilteangacha:

- ✓ Bíonn siad an-mhaith ag díriú ar rudaí, go háirithe má bhíonn an timpeallacht an-challánach/an-ghlórach.
- ✓ Is minic scileanna maithe matamaitice acu agus bíonn siad go maith ag réiteach fadhbanna.
- ✓ Bíonn siad an-chruthaitheach (*creative*) go minic.
- ✓ Is minic a bhíonn siad go maith ag léamh agus ag scríobh agus iad an-óg.
- ✓ Nuair a bhíonn cur amach ag leanaí ar níos mó ná teanga amháin bíonn scileanna cumarsáide maithe acu.
- ✓ Cuidíonn an dátheangachas/ilteangachas le cuimhne mhaith a bheith ag duine.
- ✓ Bíonn níos mó deiseanna sa saol ag daoine a bhfuil níos mó ná teanga amháin acu.
- ✓ Léiríonn an staidéar atá déanta go mbíonn siad níos leathanaigeanta (*more open-minded*), níos fulangaí (*more tolerant*) agus níos báúla (*more empathetic*).

2: Scríobh

Abair leo píosa a scríobh a spreagfadh tuismitheoirí chun Gaeilge a labhairt lena bpáistí.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad / Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4